☸An Lúibín☸

17 Samhain 2010

Comhar

Tá suíomh nua snasta ag *Comhar*, ceann de phríomhirisí na Gaeilge: www.iriscomhar.com. Más maith is mithid. Tá cuid d'ábhar na hirise le léamh ann agus ba mhór an gar dá mbeadh rath ar an obair as seo amach. Sa bhliain 1942 a bunaíodh *Comhar* agus is iomaí údar iomráiteach nó leathiomráiteach a bhí ag scríobh dó, ach tamall de bhlianta ó shin chuaigh sé amú. Thréig na léitheoirí é, nó theip air cos a choinneáil leo. Ré nua atá roimhe anois, b'fhéidir.

♦❖♦❖♦❖♦

Ciorcal na Bruiséile
A drink and a word in Brussels

Tá scata sa Bhruiséil agus Gaeilge ar a dtoil acu – aistritheoirí agus ateangairí – agus níl na Feisirí Éireannacha gan a gcion féin di. Béarla amháin atá ag formhór na ngnáth-Éireannach i gcathair na seacláide, ar ndóigh, ach tá suim ag cuid acu sin sa teanga.

Thugamar faoi deara go raibh Valerie Ní Fhlaithearta, gníomhaí Bruiséalach, i mbun Ciorcal Comhrá i dteach tábhairne Gaelach sa Bhruiséil, teach a bhfuil dealramh dúchasach air, más fíor: an *James Joyce*. Ní mór an aois atá aige mar ionad ólacháin; teach itheacháin Pacastánach ba ea é anuas go dtí an bhliain 1989. Tháinig an-éileamh ar an *James Joyce* agus spréigh an Gaelachas ar fud na cathrach. Timpeall ocht dteach tábhairne dhéag atá sa Bhruiséil faoi láthair, ach deirtear go bhfuil an *James Joyce* chun tosaigh i gcónaí. Béarla gnáth-theanga an tí, agus tá mo dhuine le moladh as Gaeilge a smuigleáil isteach ar son na héagsúlachta.

Tá an Flaitheartach mná seo ar dhuine den dream beag díograiseach ar fiú leo an Ghaeilge a chur chun cinn i bpríomhchathair na hEorpa. Tá sí ar dhuine de Mháistrí Sláinte an Chladaigh – Club Dátheangach na Bruiséile. Nár lagaí Dia a lámh, cé nach mór a admháil go ndéanann Eorpaigh oilte talamh slán de (má dhéanann siad machnamh ar an scéal ar chor ar bith) nár labhair na hÉireannaigh riamh ach Béarla.

♦❖♦❖♦❖♦

Féilire Ceanadach

Tá Cumann na Gaeltachta i gCeanada tar éis a chur in iúl go bhfuil féilirí pleanála le fáil ar ordú. Seift í seo chun airgead a thiomsú do chúis mhaith – an Cumann féin. Tá grianghraif mhaisiúla de Cheanada agus d'Éirinn le feiceáil ar an bhféilire, agus béim ar an nGaeltacht.

Rinne *S2 Architecture* an dearadh go deonach faoi stiúradh Linus Uí Mhurchú. $20 an chóip an costas (nó $20 S.A.M.), móide postas $5 (Ceanadach nó Meiriceánach).

Thig leat ordaithe a chur trí ríomhphost chuig Siobhán Ní Mhórdha - smoore@turnermoore.com.

Ba cheart seiceanna a dhéanamh amach do *An Ghaeltacht Bhuan* agus iad a sheoladh chuig:

Siobhán Ní Mhórdha
1 Kennedy Street, Apt 2.
Kingston, ON
K7M 2G8

Sinéad Gaylord (jgaylord@1000island.net) atá i mbun pacáistiú agus seoladh.

♦❖♦❖♦❖♦

Conair an Vakhan
A remote and unchanged corner of Afghanistan, the Wakhan Passage, is becoming fashionable: a land of high valleys, wildflowers and herders where the wars of the south are unknown.

Sa taobh is faide soir ó thuaidh den Afganastáin atá Conair an Vakhan (Wakhan) le fáil, agus í ag críochantacht leis an tSín, leis an bPacastáin agus leis an Táidsíceastáin. Théadh Bóthar an tSíoda tríthi tráth, agus an réigiún faoi anáil nósanna eile dá bharr. D'fhág an Sórósatrachas agus an Búdachas a rian ar an áit. Thóg na Tibéadaigh daingean nó dhó ann. Ar éigean a tháinig athrú ar an áit ó shin.

Tá tréith neamhchoitianta ag baint le Wakhan i bhfianaise a bhfuil ag titim amach sa chuid eile den Afganastáin: tá sé síochánta, gan achrann. Níor tháinig an Talaban ná aon dream eile dá sórt chomh fada leis an áit go fóill, ach tagann scata turasóirí mála droma agus dúil acu in áilleacht na háite.

Cúrsaí stáit a chruthaigh an Chonair. Bhí an Afganastáin faoi scáth Impire na Breataine agus bhí Impire na Rúise ag cúngú ar chuid mhaith den Áise Lárnach thuaidh. Bhí gá le limistéar eadrána: sa bhliain 1873 rinne an Rúis agus an Bhreatain comhaontú, agus i gceann fiche bliain eile rinne an Bhreatain agus an Afganastáin comhaontú eile. An stráice caol a fágadh i ndiaidh na seiftiúlachta uile tugadh Conair na Vakhan air.

Pobal scaipthe scáinte atá ann – timpeall 11,000 duine, agus a bhformhór ag roinnt leis na Vakhi. Muslamaigh iad a bhaineann le craobh neamhrighin den chreideamh sin – na Sunnaígh Ísméalacha. Is tréadaithe a bhformhór agus buailteachas sléibhe ar siúl acu sa samhradh, nuair a mhalartaíonn siad caoirigh, gabhair agus geacanna ar earraí a thugann ceannaithe leo ar muin capaill.

Ní chloíonn na hÍsméalaigh le cuid de nósanna an ghnáth-Ioslamachais - ní dhéanann siad Ramadan, mar shampla. Dá bhoichte iad fáiltíonn siad roimh an saol nua, agus cuid suntais iad dá bharr i measc Shunnaígh choimeádacha na tíre.

Tá timpeall míle Cirgeasach ann, tréadaithe a labhraíonn teanga ar cosúil le Tuircis í. Sa bhliain 1978, tar éis *coup d'état* na gCumannach i gCabul, thug mórán Cirgeasach an Phacastáin orthu féin agus d'iarr ar na húdaráis Mheiriceánacha iad a ligean isteach in Alasca, áit a n-oirfeadh an aeráid dóibh. Diúltaíodh dóibh, agus bhí siad ag fáil bháis ina sluaite sna campaí nó gur bhunaigh an Tuirc in aice le Loch Van iad sa bhliain 1982. Tá timpeall 2,000 duine acu fós ann. Tá cuid de na Vakhi féin scaipthe, iad ina gcónaí sa tSín, sa Phacastáin agus sa Táidsíceastáin.

Tá taithí ag muintir na Conaire ar an gcruatan. Is fada faillí á déanamh iontu ag an rialtas, rud a ligeann d'eagraíochtaí neamhrialtais a gcion a dhéanamh: an Aga Khan Development Network, mar shampla, agus an Central Asia Institute, eagraíocht ar bhunaigh Greg Mortenson í agus a lán scoileanna tógtha anois aici.

Tá súil ag muintir na háite go dtógfaidh an tSín bóthar nó iarnród tríd an gConair, rud a chuideodh leis na Sínigh teacht ar mhianraí na tíre. Idir an dá linn tagann cuairteoirí mála droma agus a n-aghaidh ar an nGleann Beag agus ar an nGleann Mór. San earrach feiceann siad rompu na bláthanna, na sruthanna glana, na sléibhte sneachtúla; sa gheimhreadh tagann gaoth ghoimhiúil fheannaideach agus déantar sceird den áit.

Breacann corrchuairteoir cuntas ar a thuras, agus is fiú suil a thabhairt ar cheann a scríobh John Mock agus Kimberley O'Neil. Tá iarracht de ghreann ar an teideal ardnósach: *The Source of the Oxus River: A Journey to the Wakhan Pamir & Across Dilisang Pass to Misgar (July-August 2004)*. Sa samhradh a bhain an bheirt úd amach an Chonair agus iad ag siúl na ngleannta le treoraí. Fáiltíodh rompu i ngach áit. Chonaic siad teaghlaigh na dtréadaithe ag gabháil ó fhéarach go féarach, na geacanna á n-ualú ar maidin, na madraí ag rith siar is aniar. 'Um mheán maidine stadamar ag Sang Nevishta, áit ar "breactha ar charraig" an chiall atá lena hainm i bPeirsis. Bhí an limistéar seo níos mó ná ciliméadar cearnach ar leithead, agus droimeacha ísle ann a bhí breac le carraigeacha os cionn na bpáirceanna. Peitriglifí ibeach agus boghdóirí is mó a fuaireamar anseo, rud a thug le fios go mbíodh ibigh á seilg anseo fadó. Bhí beagán Peirsise breactha ar na bolláin, ach ní raibh aon inscríbhinní ann i dTibéidis ná i Sainscrit. Bhí tuartha glasa idir na cnocáin charraigeacha agus cúig thithe dóibe agus cloiche de chuid na Wakhi. Bhí dhá ghiurt feilte láimh leo agus sruthán glan… Bhí ualach mór corcán, córacha leapa agus uirlisí tí ar na geacanna, agus madraí móra a raibh cuma maistín orthu ar sodar lena gcois. Na fir ag siúl, na mná ag imeacht ar muin geaca. Leanaí ar chúl a máithreacha agus greim acu orthu, naíonáin ag imeacht i gcliabháin a bhí clúdaithe le héadach. Na mná ar bhuaileamar leo ag Digarch bhí siad folaithe i gceart, scaifeanna glédhearga ag ceilt a sróine agus a mbéil agus séalta dearga aniar thar a nguaillí'. Agus sin gan trácht ar bhean amháin a raibh búrca uirthi (rud neamhchoitianta sa Chonair) agus é uafásach dearg! Chonaic siad tuamaí brící na gCirgeasach agus na *rabot*, áiteanna dídine do thaistealaithe a bhfuil poll deataigh iontu agus doras beag stuach thíos.

Tiocfaidh athrú ar Chonair na Vakhan agus is maith leis na daoine é. Ar shlí ní mór an dochar a bheith cúl le faobhar. Sheachain an Chonair na tubaistí a mhill deisceart na tíre, agus choinnigh draíocht éigin dá cuid féin. Tabhair cuairt anois uirthi.

http://www.mockandoneil.com/stg04r3.htm#faizabad

http://www.nytimes.com/2010/10/28/world/asia/28wakhan.html?_r=2&hp

http://outsideonline.com/outside/destinations/200511/afghanistan-1.html

http://outsideonline.com/outside/destinations/200511/afghanistan-1.html

♦❖♦❖♦❖♦

An diabhal i réim

Burmese news – the news that is rarely good. Aung San Suu Kyi has been released, but she and the junta stand squarely opposed.

Aung San Suu Kyi: an Bhean Uasal. Duine a sheas an fód riamh, nár ghéill riamh. Búdaí nach ndeachaigh i muinín na láimhe láidre riamh. Duine nach féidir le rialtas míleata Bhurma (ginearáil na sainte agus na bpiseog) a ionramháil. Tá lánmhuinín ag an scothaicme mhíleata ina gcumas féin, ina gcinniúint féin: tríothusan a gineadh an stát (dar leo) agus fúthusan atá sé an stát a stiúradh. Ní bheidh taithí acu choíche ar an mbean seo. Tá blas éachtach an fhinscéil ar an scéal seo, blas a d'fhéadfadh rudaí áirithe a cheilt orainn. Cuireann pearsantacht na Mná Uaisle cuma ghreanta shimplí ar chúrsaí agus ní gan chúis é. Níl inti ach duine ach is duine ar leith í.

Mar sin féin, tá an USDP (Union Solidarity and Development Party), páirtí na nginearál, tagtha ar ais i réim, tar éis toghchán a d'fhág 80% de na suíocháin acu sa Teach Íochtarach agus sa Téach Uachtarach le chéile. Níor sheas an Ginearál Sinsearach Than Shwe, ardcheannasaí an airm: ach b'fhéidir go dtoghfadh an Pharlaimint nua mar Uachtarán é. Scoireadh an National League for Democracy (NLD), páirtí Aung San Suu Kyi, toisc gur dhiúltaigh sé a bheith páirteach sna toghcháin,

ach tá gnaoi na ndaoine fós air mar ghluaiseacht. B'fhear le baill éigin den fhreasúra páirt a ghlacadh sna toghcháin, agus scoilt an NLD faoin gceist seo. Agus bhí achrann eile ann – an troid a bhí ar siúl sna bailte teorann agus daoine ag teitheadh dá bharr (thug 10,000 duine a n-aghaidh ar Mae Sot sa Téalainn), rud ar tuar oilc é sna limistéir eitneacha feasta.

Thiocfadh a lán daoine le Tomás Ó hOisticín, tráchtaire a bhí ag teorainn na Téalainne agus Bhurma le linn na dtoghchán agus a scríobh píosa ar an scéal do Ghaelscéal: 'cur i gcéill agus fimíneacht den chéad scoth' a thug sé ar na toghcháin chéanna (http://www.gaelsceal.ie/nuacht/toghch-n-bhurma-2010). Ar nós a lán eile, tharraing sé aird ar 'an saibhreas ollmhór airgid' a thagann chun na nginearál ó acmhainní ola agus gáis. Tharraing sé aird freisin ar obair an an TBBC (Thai Burma Border Consortium), dream a thugann bia agus dídean do dhaoine a cuireadh as seilbh. Deirtear gur cuireadh an ruaig ar bhreis is 73,000 duine agus sin in Oirthear Bhurma amháin, rud a fhágann ag seiftiú dóibh féin sna coillte iad. I Stát Karenni is mó atá na fórsaí armtha ag imirt na láimhe láidre – luaith á déanamh de na bhailte, daoine á ruaigeadh. Is fada na Karen ag seasamh an fhóid, agus le blianta beaga anuas, a deir Ó hOisticín, tá daoine oilte ag teacht dá ndeoin féin ón Iarthar chun traenáil mhíleata a thabhairt dóibh.

D'athraigh an giunta an bunreacht chun cosc ar lucht freasúra seasamh sa toghchán. Bacadh ar 435 ball den NLD a bheith ina n-iarrthóirí agus rinne an bpáirtí an toghchán a bhabhcatáil ar fad. In áiteanna égin níor vótáil ach 35% de na daoine. Tá an tríú cuid de na suíocháin curtha in áirithe do na fórsaí armtha, agus bhí os cionn míle iarrthóir ag an tUNDP. Mar a dúirt David Mathieson (Human Rights Watch), rinne an rialtas ullmhú cruinn cúramach: tá formhór a naimhde i príosún agus níor éirigh leis na páirtithe móra eile seasamh sa toghchán. Tá timpeall 1,500 suíochán le fáil ar fud na tíre agus na parlaimintí réigiúnacha san áireamh; tá os cionn 400 curtha in áirithe do lucht míleata.

Ní féidir le hiriseoirí eachtrannacha dul ag obair i mBurma, ach tá *Democratic Voice of Burma* (DVB) ann, grúpa iriseoirí Burmacha sa Téalainn a bhailíonn nuacht ar fud Bhurma lena scaoileadh amach trí shaitilít. Ghearrfaí príosún deich mbliana ort as scannánaíocht gan chead. Bíonn an tseirbhís rúnda Bhurmach ag faire agus ag fiosrú agus bíonn eagla ar dhaoine rompu. Ach tá daoine seiftiúil: tá Amnesty International ag dáileadh raidiónna go rúnda i mBurma chun go mbeadh daoine in ann nuacht a fháil, beag beann ar na húdaráis.

Níl aon amhras ná go raibh imní ar an ngiunta: de réir comhaid rúnda a bhfuair an DVB greim orthu, cureadh póilíní sinsearacha chun na Síne lena fháil amach conas a chuirtí srian le círéibí ann. Tá na manaigh (gríosóirí ceannairce sa bhliain 2007) ag cur i gcoinne an rialtais fós, ag eagrú daoine, ag cur póstaer in airde. Ach tá lucht faisnéise míleata ag sleamhnú isteach sna mainistreacha agus tá manaigh á ngabháil fós. Ní chuireann sin deireadh le bunchúiseanna na míshástachta: caimiléireacht, brú faoi chois, obair éigeantais agus mí-úsáid údaráis. Tá na mílte sna campaí sa Téalainn, agus is gearr ó dúirt Aire Gnóthaí Eachtracha na Téalainne gurbh fhéidir na teifigh a dhíbirt ar ais tar éis na dtoghchán (tuairim a tarraingíodh siar ina dhiaidh sin). B'fhurasta é a dhéanamh.

Is dócha go mbeadh a lán tíortha sásta fáil réidh le smachtbhannaí (nach raibh an oiread sin éifeachta leo) agus cúis acu anois lena rá go bhfuil daonlathas ann. Tá dúil acu i ngás, in ola, in ór agus in adhmad na tíre. Is fada caidreamh ag an tSín ar Bhurma agus tiocfaidh dreamanna eile isteach más féidir.

Deir ceannairí a lán grúpaí armtha eitneacha gurb í Aung San Suu Kyi is fearr a d'fhéadfadh athmhuintearas náisiúnta a dhéanamh. Ní dócha faoi láthair go mbeidh deis aici chuige. Is gnách leis an mBean Uasal dúshlán na nginearál a thabhairt agus fíordhaonlathas a éileamh. Ní ghéillfidh sí choíche agus leanfaidh achrann é.

http://www.irrawaddy.org/opinion_story.php?art_id=20017: Kyaw Zwa Moe

http://www.abc.net.au/triplej/hack/stories/s3060309.htm: 'Burma elections,' Irene Scott, ABC, 8/11/2010

http://www.sbs.com.au/dateline/story/transcript/id/600861/n/Burma-s-Betrayal: 'Burma's betrayal,' Evan Williams, Dateline, SBS, 31/10/2010

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

Conair an Vakhan

Tá Conair an Vakhan le fáil sa taobh is faide soir ó thuaidh[1] den Afganastáin. Tá sléibhte ann agus gleannta. Théadh[2] Bóthar an tSíoda[3] tríd an gConair tráth, agus ar éigean a tháinig athrú ar an áit ó shin.

Tá an Chonair síochánta, gan achrann. Níor tháinig an Talaban riamh, ach tagann turasóirí mála droma[4] agus dúil acu in álleacht na háite.

Sa naoú haois déag bhí gá le limistéar eadrána[5] idir Impire na Rúise thuaidh agus Impire na Breataine theas. Rinne comhaontuithe cruthaíodh an Chonair, stráice caol talún, dá bharr.

Pobal scaipthe scáinte atá ann – timpeall 11,000 duine, agus a bhformhór[6] ag baint leis na Vakhi. Muslamaigh iad agus baint acu le craobh neamhrighin den chreideamh sin – na Sunnaígh Ísméalacha. Is tréadaithe[7] a bhformhór agus buailteachas sléibhe[8] ar siúl acu sa samhradh.

Tá timpeall míle Cirgeasach[9] ann, tréadaithe eile a dtaitníonn na hardáin leo agus a labhraíonn teanga ar cosúil le Tuircis í.

Is fada faillí[10] á déanamh i muintir na háite ag an rialtas, agus déanann eagraíochtaí neamhrialtais mórán oibre ann dá bharr.

Tá súil ag muintir na háite go dtógfaidh an tSín bóthar nó iarnród tríd an gConair, rud a chuideodh[11] leis na Sínigh teacht ar mhianraí na tíre. Idir an dá linn tagann cuairteoirí mála droma chun an Chonair a shiúl. Scríobhann cuid acu cuntas ar a dturas: na botháin, na bláthanna, na sean-inscríbhinní, éadaí dearga na mban.

Tiocfaidh athrú ar Chonair Wakhan agus is maith leis na daoine é. Ar shlí ní mór an dochar a bheith iargúlta. Sheachain an Chonair na tubaistí a mhill deisceart na tíre. Tabhair cuairt anois uirthi.

ooooooo

An diabhal i réim

Aung San Suu Kyi: an Bhean Uasal. Duine a sheas an fód riamh, nár ghéill riamh. Búdaí nach ndeachaigh i muinín na láimhe láidre riamh.

Mar sin féin, tá an USDP (Union Solidarity and Development Party), páirtí na nginearál, tagtha ar ais i réim de bharr toghcháin bhréige. Scoireadh an *National League for Democracy* (NLD), páirtí Aung San Suu Kyi, toisc gur dhiúltaigh sé a bheith páirteach sna toghcháin, ach tá gnaoi na ndaoine fós air[12] mar ghluaiseacht. Is léir nach raibh gach duine sásta gan páirt a ghlacadh sna toghcháin. Scoilt an NLD féin faoin gceist seo. Tá troid ar siúl sna bailte teorann agus daoine ag teitheadh.

[1] An taobh is faide soir ó thuaidh – the most north-easterly part
[2] Théadh – used to go
[3] Bóthar an tSíoda – the Silk Road
[4] Turasóirí mála droma - backpackers
[5] Limistéar eadrána – intermediate zone
[6] A bhformhór – most of them
[7] Tréadaithe - herders
[8] Buailteachas sléibhe - transhumance
[9] Cirgeasach - Kyrgyz
[10] Faillí - neglect
[11] A chuideodh (le) – that would help
[12] Tá gnaoi na ndaoine fós air – it is still popular

Tá scothaicme[13] mhíleata Bhurma ag éirí saibhir le hairgead ó acmhainní ola agus gáis. Ach tá na gnáthdhaoine an-bhocht, agus tá fórsaí armtha an stáit ag troid leis na Karen agus le grúpaí eitneacha eile, ag ruaigeadh daoine agus ag dó a dtithe. Deirtear go bhfuil daoine ag teacht dá ndeoin féin[14] ón Iarthar chun traenáil mhíleata a thabhairt do na Karen.

D'qthraigh an giunta míleata an bunreacht chun cosc ar lucht freasúra seasamh sa toghchán. Tá mórán daoine i príosún agus níor éirigh leis na páirtithe móra eile seasamh sa toghchán.

Ní féidir le hiriseoirí eachtrannacha dul ag obair i mBurma, ach tá *Democratic Voice of Burma* (DVB) ann, grúpa iriseoirí Burmacha sa Téalainn a bhailíonn nuacht ar fud Bhurma. Bíonn an tseirbhís rúnda Bhurmach ag faire agus ag fiosrú agus bíonn eagla ar dhaoine rompu.

Tá Amnesty International ag dáileadh raidiónna go rúnda i mBurma chun go mbeadh daoine in ann nuacht a fháil, beag beann[15] ar na húdaráis.

Tá na manaigh ag cur i gcoinne an rialtais fós, ach tá lucht faisnéise míleata ag sleamhnú isteach sna mainistreacha agus tá manaigh á ngabháil[16] fós. Is iomaí rud a chuireann fearg ar dhaoine: caimiléireacht, brú faoi chois, obair éigeantais agus mí-úsáid údaráis.

Deirtear go mbeadh a lán tíortha sásta gnó a dhéanamh leis an rialtas anois toisc go bhfuil 'daonlathas' ann. Tá dúil acu i ngás, in ola, in ór agus in adhmad na tíre.

Is gnách leis an mBean Uasal dúshlán na nginearál a thabhairt agus fíordhaonlathas a éileamh. Ní ghéillfidh sí agus leanfaidh achrann é.

[13] Scothaicme – elite

[14] Dá ndeoin féin - voluntarily

[15] Beag beann ar – without relying on

[16] Tá manaigh á ngabháil – monks are being arrested